Cóir feitheamh ar uaislibh Alban

[Watson, W. J. *Scottish Verse from the Book of the Dean of Lismore* (Scottish Gaelic Texts Society, Volume 1, Edinburgh 1937), poem 24, p. 184]

1 Cóir feitheamh ar uaislibh Alban;
’s í an fhoidid do-gheibh gach méad;
más *í* lann líomhtha do-chímíd,
go ngabh an díomholadh éad.

2 Ní cóir fearg i dtús gach agra,
gé cluineann neach ní nach dóigh;
’n uair thá gach rath riamh i ndeacra,
ní math ciall gan fhreagra cóir.

3 An t-adhbhar fá bhfuil mo thagra,
ní math glór gan chiall ré chois,
má tá brígh i ndán na n-innsge,
do-chím tráth dhá h-innse nois.

4 Ag so Gaoideal do chloinn Ghaltair
ag réir fileadh, feirrde a ghné:
gé tá mise ar dál ó bhronnadh,
’s ciste dámh is ollamh é.

5 A Eoin Stiúbhairt a crích Raithneach,
a lámh Gaoidheal as fearr buaidh,
gabh, a laoich as solta i gcagadh,
laoidh mholta agus bagar uaim.

6 Tángas chugad, mheic Shir Roibeirt,
a Eoin Stiúbhairt na rosg ngorm;
beir, a chleath nach mion fá mheabhair,
breath, is sin do-gheabhair orm.

7 [...], a thaca maithean Alban,
riomsa, a Ghaoidheil nach mion moirn,
a thuir, a bharr ghaisge ghéagdha,
lean an aiste chéadna oirn.

8 Gabh do rogha, a mheic Shir Roibeirt,
t’fhaladh riom giodh beag mo thort:
[.............................................]
’s mé do-bheir cliar chogaidh ort.

9 Más í do chomhairle bhunaidh
bheith ’gam eiteach, a fholt réidh,
a lámh thréan na nGaoidheal soinnimh,
fa séan aoir id choinnibh é.

10 A Chú Chulainn cloinne Ghaltair,
Eoin lér oirbhire neart soirbh,
a shlat as tréan gnúis ré caille,
*nocha* déan cúis faille oirbh.

11 Ní bhia tú ar shuain ná ar shiorram
gan aoir liomsa, a thlacht tláith;
ní h-aithnid leis an éan ealtna
an t-saighead ghéar ghreanta gháidh.

12 Ní bhia mé i gcomaoin t'fhaladh,
giodh deacair linn dul fán nós;
acht fá-ríor ar bhéad an bhagair
don mhéad díona tá agad fós.

13 Déar-sa riotsa, a mheic Shir Roibeirt,
a Ghaoidheil nach críon fán chrodh,
fa mó an díoth dhuit mo theagmháil
ná síoth agus beagán domh.

14 *Nárab* tusa thollas oram:
nimh na n-aoir ní an cogadh soirbh;
's fearr dhuit gach radháil ón teinidh
ná a gabháil mar eiridh oirbh.

15 Gé dhéana mé, mar as cosmhail,
do cháineadh mar dubhradh linn,
beag an fiach mo mhart ré mhaoidheamh,
a thriath shlat na nGaoidheal ngrinn.

16 Beag an geall duaise rér n-aoir-ne
m'anam-sa fá h-éiric chronn;
beag a bhrígh gach mac ag m'athair,
a shíl shlat ó chathach Chonn.

17 Ní h-amhail sin atá tusa,
a mheic Ghaltair as fearr ciall,
a lámh thréan ó fhine an domhain,
nach d'éar file romhainn riamh.

18 Math mo dheadhail ré mo dhíomdha
orad do thaobh séad is [................]
do dhá bhos mar aol gan [.............]
's an chos nár aom [......................].

19 Léir nimh mo theangadh gan ghríosad:
mairg do ghríosadh í rém linn;
a dhéad as geal, rún as gartha,
is fearr gan súgh nathrach sinn.